
# Ardteistiméireacht Gnáthleibhéal

## Teoirim 13- Treoir Don Mhúinteoir

**Teoirim 13:** I gcomhréir le chéile a bhíonn na sleasa comhfhreagracha ar thriantáin chomhchosúla.


**An Tús:** Níorbh chóir go n-úsáidfeá an focal 'Comhchosúil' ( nó comhuilleach) chun an teoirim seo a chur faoi bhráid na ndaltaí. Tosaigh le "Táimid chun féachaint ar thriantáin). Ceap dhá thriantán, ag úsáid geostiallacha, faoi mar atá léirithe I bhfíor 1 thíos.




**Fíor 1**


**Tasc an Mhúinteora:** cuir na huillinneacha comhfhreagracha anuas ar a chéile agus iarr ar an rang a chinntiú go bhfuil na huilleannacha comhfhreagracha cothrom ach nach bhfuil na sleasa cothrom. Féach Fíoracha **2, 3 agus 4** thíos.

**Fíor 2**



**Fíor 3**





**Fíor 4**




© Foireann Fhorbartha Thionscadal Mata

Treoraigh na daltaí chun go n-aithneoidís na tréithe comónta ar na triantáin seo  agus na tréithe nach bhfuil comónta agus na difríochtaí eatarthu ( na sleasa).  Anois is féidir an focal "cosúil" a úsáid le cur síos a thabhairt ar an dá thriantán.

Tarraing a n-aird ar dhathanna na sleasa. Is féidir é seo a úsáid chun péirí sleasa comhfhreagracha a aithint i.e. go gcomhfhreagraíonn an slios fada buí leis an slios gearr buí etc

**Tasc na nDaltaí 1:** Úsáid geostiallacha ar faid difriúla chun dhá thriantán a thógáil agus cruthaigh an méid a fuarthas amach thuas.

**Fíor 5**



Ag an bpointe seo b'fhéidir nach mbeidh sé ar chumas cuid de na daltaí péire triantán comhchosúil a thógáil.  Ba chóir don mhúinteoir an easpa chumais seo d'úsáid leis an difríocht idir triantáin chomhchosúla agus iad siúd nach bhfuil comhchosúil a soiléiriú.

 © Foireann Fhorbartha Thionscadal Mata

**Tasc na nDaltaí 2:** Iarr ar an rang an triantán ABC a thógáil áit a bhfuil |AB| = fad éigin idir 4cm agus 9cm. Bíodh an fad ina shlánuimhir.
|∠CAB| = 50° agus|∠ABC| = 70°.


Ansin iarr ar an rang an triantán DEF a thógáil, áit a bhfuil |DE| = 1½ oiread fad ,
|∠FDE| = 50° agus |∠DEF| = 70°.

1. Tomhais |∠ACB| agus |∠DFE| lena thaispeáint go bhfuil triantáin chomhchosúla tógtha acu.
2. Iarr ar an rang iad seo a leanas a thomhais agus a ríomh:

$$(i)\ \frac{|DF|}{|AC|} \quad \text{(ii)}\ \frac{|EF|}{|BC|} \quad \text{(iii)}\ \frac{|AB|}{|DE|}$$

3. Cad a thugann tú faoi deara?

**Tasc na nDaltaí 3:** Ba chóir don mhúinteoir fad na sleasa gorma, na sleasa buí, agus na sleasa dearga a thomhais ar an dá thriantán a tógadh le linn Tasc an Mhúinteora agus iniúch an bhfuil na sleasa I gcomhréir.




**Tasc na nDaltaí 4:** Tóg isteach coincheap 'choinbhéarta' na teoirime

| **Ráiteas** | **Fíor/Bréagach** | **A Choinbhéarta** | **Fíor/bréagach** |
|---|---|---|---|
| Má thug mé cuairt ar an Róimh bhí mé san Iodáil. | | | |
| Is ceathairshleasán í an chearnóg ina bhfuil ceithre taobh. | | | |
| Má tá uillinn níos lú ná $90^0$ is géaruillinn í. | | | |
| Mura bhfuil aon 3 phointe comhlíneach mar sin is féidir gach péire díobh a cheangail chun triantán a cheapadh. | | | |
| Is dronuilleog í an ceathairshleasán ina bhfuil ceithre dhronuillinn. | | | |
| I gcomhréir le chéile a bhíonn na sleasa comhfhreagracha ar thriantáin chomhuilleacha | | | |


© Foireann Fhorbartha Thionscadal Mata

**Tasc na nDaltaí 5:** Ansin cinntigh coinbhéarta theoirim 13.

1. Iarr ar na daltaí dhá thriantán a thógáil a bhfuil a sleasa I gcomhréir E.g. triantán beag le fad na sleasa 6cm, 9cm and 12cm ann. Triantán níos mó le fad na sleasa 8cm, 12cm and 16cm ann.
2. Úsáid uillinntomhas lena chruthú go bhfuil an dá thriantán comhchosúil.
3. Iarr ar na daltaí dhá thriantán eile a thógáil a bhfuil a sleasa I gcomhréir. Mol cóimheas 1: 1¼. Ansin cinntigh go bhfuil na triantáin seo comhchosúil .**Tasc an Mhúinteora:** Ar an gclár bán ceangail triantáin chomhchosúla lena méaduithe.



Cuir béim ar an dtuairim go bhfuil líon éigríochta thacair thriantáin chomhchosúla gur féidir a thógáil agus an modh seo in úsáid.


© Foireann Fhorbartha Thionscadal Mata